**Cruth agus spás**

**Dídean na nAinmhithe**

**Seicheamh Teagaisc**

**Céim Choincréite**

*Cad iad na cruthanna atá ag teastáil chun dídean na n-ainmhithe a dhearadh?*

- Tá réimse teoranta cruthanna ag na páistí agus níl cead acu ach na cruthanna sin a úsáid chun teach na bpeataí a thógáil.
- D'fhéadfaí tasc tosaigh a dhéanamh ina gcaithfidh páistí fadhb a réiteach le méideanna agus cruthanna - m.sh. chaithfeadh an díon a bheith mór go leor, ní féidir leis na fuinneoga a bheith níos mó ná an teach srl.









**Céim Phictiúrtha**

*Tarraing na cruthanna le haghaidh bhaile na bpeataí.*

- Tarraingíonn na páistí an teach a dhear siad.





**Céim Theibí**

*Agus tú ag baint úsáid as do ghléas ríomhchláraithe, oibrigh le páirtí chun cearnóg a tharraingt.*

*Anois, an féidir leat cruthanna eile a tharraingt – dronuilleog, triantán srl?*

*An bhfuil cruthanna eile ann a d'fhéadfaimis a chur leis an teach? Cad é a bheadh le breithniú againn? Cad é a fheabhsóidh má chuirimid na cruthanna seo leis?*

- Úsáid a bhaint as gléas ríomhchláraithe chun an dearadh a chóipeáil.
- Úsáideann páistí cibé gléas atá ar fáil –gléas fisiciúil nó aip ar tháibléid srl.







**Rúibric Ghrádaithe**

Cad é is féidir leis na foghlaimeoirí a dhéanamh.

| d<br>**An foghlaimeoir** | e<br>**An foghlaimeoir** | f<br>**An foghlaimeoir** | g<br>**An foghlaimeoir** |
|---|---|---|---|
| Trí thriail agus earráid déanann an foghlaimeoir iarracht éigin an gléas a bhogadh i líne dhíreach.<br><br>Cuireann an foghlaimeoir a chuid foghlama in oiriúint chun earráidí ar nós bogadh rófhada nó sa treo mícheart a cheartú.<br><br>Déanann sé tuar simplí ar a cheapann sé a tharlóidh.<br><br>Úsáideann sé teanga neamhfhoirmiúil chun an fhadhb a phlé – ba chóir dúinn é seo a dhéanamh mar...<br><br>Úsáideann sé teanga mhatamaiticiúil amhail *i dtreo, ar aghaidh, níos mó, níos faide, níos giorra srl.* | Forbraíonn an foghlaimeoir ón gcéad chéim agus tuigeann sé an fad le bogadh agus an méid atá le casadh.<br><br>Déanann sé iarracht ansin bogadh an líon céanna céimeanna i dtreo eile.<br><br>Aithníonn sé patrúin shimplí agus cinneann sé cad é a tharlóidh agus cúiseanna á dtabhairt lena thuartha.<br><br>Fiosraíonn sé conas a d'fhéadfaí an tasc a réiteach agus déantar roghanna éagsúla a mheas. | Tuigeann sé gur féidir an cruth a tharraingt trí chéimeanna a athdhéanamh.<br><br>Is féidir leis bogadh a chlárú ag baint úsáid as an líon céanna céimeanna agus castaí, chomh maith le teanga amhail 'casadh iomlán'.<br><br>Cóipeálann sé an méid atá déanta aige 4 huaire.<br><br>Míníonn sé a chuid smaointeoireachta agus míníonn sé conas a úsáideadh meastacháin.<br><br>Baineann sé úsáid as a bhfuil ar eolas aige faoi airíonna an chrutha ina chuid smaointeoireachta.<br><br>Tá sé in ann airíonna an chrutha a phlé agus cad é a d'fhéadfadh | Feiceann sé patrúin sa chruth agus tá sé in ann 'athdhéanamh' a úsáid.<br><br>Is féidir leis an gléas a chlárú ag baint úsáid as céimeanna casta amhail casadh 90 céim ar dheis agus athdhéanamh a úsáid.<br><br>Déanann sé athbhreithniú ar a mhodh oibre agus déanann sé machnamh ar bhealaí malartacha chun an t-eolas sin a úsáid – m.sh. má roghnaítear 'athdhéanamh' le haghaidh cearnóige, cén chaoi a ndéantar ríomhchlárú le haghaidh dronuilleoige?<br><br>Úsáideann sé réimse níos leithne teanga agus téarmaí matamaiticiúla chun an fhadhb a réiteach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | a bheith i gceist leis an ngníomhaíocht (m.sh. tá 4 thaobh cothrom ar fad ag cearnóg agus mar sin, ba chóir dúinn an líon céanna spásanna a ríomhchlárú gach uair a chasann muid). | (m.sh. tuigeann sé go bhfuil dronuillinn ag cearnóg atá 90 céim). |